**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 14 Feabhra 2018**
**(OR. en)**

**2016/0274 (COD)** | **PE-CONS 66/17**

**ECOFIN 1080**
**RELEX 1077**
**IA 210**
**CODEC 2005**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha |

**RIALACHÁN (AE) 2018/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009**
**ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 209 agus Airteagal 212 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

---

[1] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Feabhra 2018 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus an cinneadh ón gComhairle an … .

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/ 2009 ón gComhairle[1] a rialaítear an Ciste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha (an "Ciste").

(2) Is le híocaíocht bhliantúil amháin ó bhuiséad ginearálta an Aontais, leis an ús a thugann acmhainní infheistithe an Chiste agus le méideanna a aisghabhtar ó fhéichiúnaithe mainneachtana a mhaoinítear an Ciste.

(3) Ioncam préimhe riosca a ghintear le hoibríochtaí maoiniúcháin an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) agus a thairbhíonn de ráthaíocht bhuiséadach ón Aontas, ba cheart é a íoc leis an gCiste.

(4) I gcás inar mó ná 10 % de dhliteanais chaipitiúla iomlána gan íoc an Aontais é méid an Chiste, ba cheart an barrachas a íoc ar ais chuig buiséad ginearálta an Aontais chun gur fearr a chosnófar buiséad ginearálta an Aontais ar an riosca breise go bhféadfadh oibríochtaí maoiniúcháin BEI a thugann aghaidh ar athléimneacht fhadtéarmach eacnamaíoch na ndídeanaithe, na n-imirceach, na bpobal óstach agus idirthurais agus na bpobal tionscnaimh mar aisfhreagairt straitéiseach chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce, go bhféadfaidís mainneachtain.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

[1] Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 an 25 Bealtaine 2009 ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha (IO L 145, 10.6.2009, lch. 10).

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 2, cuirtear an fleasc seo a leanas isteach:

"— ioncam préimhe riosca arna ghiniúint le hoibríochtaí maoiniúcháin BEI a dtugann an tAontas ráthaíocht ina leith a bhfuil luach saothair ag dul leis.";

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

"Más mó ná 10 % de dhliteanais chaipitiúla iomlána gan íoc an Aontais é méid an Chiste, déanfar an barrachas a íoc ar ais chuig buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. Íocfar an barrachas sin in aon idirbheart amháin faoi cheannteideal speisialta sa ráiteas ioncaim i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh na bliana n + 1 ar bhonn na difríochta, i ndeireadh bliana n – 1, idir 10 % de mhéid iomlán dhliteanais chaipitiúla an Aontais gan íoc agus luach ghlansócmhainní an Chiste, arna ríomh i dtosach na bliana n.";

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"*Airteagal 7*

Déanfaidh an Coimisiún bainistiú airgeadais an Chiste a chur ar iontaoibh BEI.

Faoin 30 Meitheamh 2019, cuirfidh an Coimisiún meastóireacht sheachtrach neamhspleách faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le bainistiú airgeadais shócmhainní an Chiste agus an Chiste Eorpaigh um Fhorbairt Inbhuanaithe a chur ar iontaoibh an Choimisiúin, BIE, nó teaglaim den phéire, ag cur i gcuntas na critéir theicniúla agus institiúideacha ábhartha a úsáidtear chun comparáid a dhéanamh idir seirbhísí bainistithe sócmhainne, lena n-áirítear an bonneagar teicniúil, comparáid na gcostas i leith na seirbhísí a thugtar, leagan amach institiúideach, tuairisciú, feidhmíocht, cuntasacht agus saineolas gach institiúide agus na sainorduithe eile do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh maidir le bainistiú sócmhainní. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an meastóireacht.";

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

"*Airteagal 8*

Faoin 31 Bealtaine gach bliain, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus na Cúirte Iniúchóirí tuarascáil bhliantúil ar bhainistiú an Chiste le linn na bliana féilire roimhe sin. Sa tuarascáil bhliantúil, beidh cur i láthair ar staid airgeadais an Chiste agus faisnéis maidir lena fheidhmiú ag deireadh na bliana féilire roimhe sin, sreabha airgeadais mar aon leis na hidirbhearta móra a rinneadh agus aon fhaisnéis ábhartha maidir leis na cuntais airgeadais, amhail faisnéis mhionsonraithe faoi chaipiteal gan íoc iasachtaí ráthaithe nó sócmhainní an Chiste le linn na bliana féilire roimhe sin, chomh maith le conclúidí agus ceachtanna a foghlaimíodh. Beidh sa tuarascáil freisin faisnéis faoi bhainistiú airgeadais, feidhmíocht agus riosca an Chiste i ndeireadh na bliana féilire roimhe sin. Amhail ó 2019, agus gach tríú bliain ina dhiaidh sin, aireofar inti freisin measúnú ar leordhóthanacht na sprice 9 % agus na tairsí 10 % don Chiste, amhail dá dtagraítear sa dara agus sa tríú mír d'Airteagal 3 faoi seach.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*